**Caingean arna tabhairt an 28 Feabhra 2023 – VB v BCE**

**(Cás T-124/23)**

(2023/C 179/83)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* VB (ionadaithe: L. Levi agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Banc Ceannais Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an 4 Aibreán 2022, lena gcuirtear in iúl dó nach bhfaighidh sé an liúntas cothaithe, a chur ar neamhní;

— cinneadh an 2 Lúnasa 2022, lena ndiúltaítear dá athbhreithniú riaracháin a cuireadh isteach an 2 Meitheamh 2022 i gcoinne an chinnidh thuasluaite lena ndiúltaítear an liúntas cothaithe a thabhairt dó, a chur ar neamhní más gá,

— cinneadh an 19 Nollaig 2022, lena ndiúltaítear dá nós imeachta casaoide a cuireadh isteach an 30 Meán Fómhair 2022, a chur ar neamhní más gá,

— a ordú go n-íocfaí EUR 9,270 (i.e. an liúntas cothaithe le haghaidh trí mhí), arna mhéadú le hús arna ríomh ag ráta úis iomchuí ("ráta úis ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin") an Bhainc Ceannais Eorpaigh + dhá phointe céatadáin, don tréimhse idir an 1 Aibreán 2022 agus an dáta a íocfar an tsuim a éilítear;

— EUR 1 siombalach a íoc mar chúiteamh ar dhamáistí morálta an iarratasóra;

— a ordú don chosantóir costais dhlíthiúla an iarratasóra a aisíoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir na saincheisteanna dlí seo a leanas.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagail 4.1.1 agus 4.5.1 de Rialacha Foirne BCE agus gur sáraíodh prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an chur i bhfeidhm neamh-aisghníomhaigh.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabal an ionchais dhlisteanaigh.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh an dualgais cúraim.

**Caingean arna tabhairt an 13 Márta 2023 – Nardi v an Banc Ceannais Eorpach**

**(Cás T-131/23)**

(2023/C 179/84)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Anna Nardi (Napoli, an Iodáil) (ionadaí: M. De Siena, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Banc Ceannais Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— dliteanas neamhchonarthach an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) a ndéanann an tUachtarán Christine Lagarde ionadaíocht thar a cheann, a fháil amach agus a dhearbhú:

(a) trí laghdú luacha a chur ar na hurrúis atá faoi úinéireacht an iarratasóra, ar a dtugtar SI FTSE.COPERP, arna ndoiciméadú agus arna dtuairisciú sa chaingean seo den chéad uair i mír 2, i roinn dar ceannteideal "Fíorais", titim i luach le caillteanas caipiteal de EUR 626 134,29, ag taifeadadh caillteanas arb ionann é agus 81,54 % de luach iomlán an chaipitil a infheistíodh, arb ionann é agus EUR 767 856,16, ós rud é gur thárla tar éis an 12 Márta 2020 leis an frása cáiliúil a úsáid Christine Lagarde, ina cáil mar Uachtarán an BCE, "Nílimid anseo chun na raonta difríochta a laghdú, ní feidhm de chuid an BCE é seo", gur tháinig titim shuntasach ar luach na n-urrús ar gach stocmhalartán ar fud an domhain agus laghdú 16,92 % ar Stocmhalartán Milano, arna chainníochtú mar chéatadán nár tharla riamh i stair na hinstitiúide sin, agus i malartuithe domhanda eile, trí chumarsáid a dhéanamh ag preasagallamh, ar fud an domhain, nach dtacódh BCE a thuilleadh le luach na n-urrús arna n-eisiúint ag tíortha a bhí i gcruachás agus, dá bhrí sin, tríd an athrú iomlán ar an seasamh beartais airgeadaíochta a ghlac BCE faoi uachtaránacht an Uachtaráin roimhe sin, a chuir deireadh lena shainordú i mí na Samhna 2019;

(b) mar gheall ar an iompair sin, agus mar gheall ar an titim ghéar réamhluaite ar innéacs Stocmhalartán Milano, a bhí mar chúis leis an laghdú ar luach shócmhainní an iarratasóra;

(c) mar gheall go raibh sé ina chúis le caillteanas airgeadais EUR 626 134,29, as a n-eascróidh damáiste iarbhír agus EUR 912 673,83 do chaillteanas brabúis;

(d) mar gheall go raibh sé ina chúis le caillteanais airgeadais don iarratasóir arb ionann é agus EUR 1 538 808,12 san iomlán;

(e) mar gheall go raibh sé ina chúis le damáiste neamhábhartha ar fhulaingt shíceolaíoch é féin agus a theaghlaigh, díobháil d'onóir, do chlú, d'fhéiniúlacht phearsanta agus ghairmiúil, arna chainníochtú ag EUR 500 000,00;

(f) mar gheall go raibh sé ina chúis le damáiste as deis a chailleadh;

— a ordú do BCE, ag gníomhú dó trína Uachtarán, *pro tempore*, cúiteamh a íoc as an damáiste ábhartha, arb é atá ann an damáiste atá ag teacht chun cinn agus caillteanas brabúis, an damáiste neamhábhartha dá dtagraítear thuas agus an damáiste as deis a chailleadh i bhfabhar an iarratasóra, arna meas de réir na gcritéar atá sonraithe sna caibidlí agus sna míreanna ábhartha den chaingean seo, trí na suimeanna seo a leanas a íoc: (1) EUR 1 538 808,12 a íoc leis an iarratasóir trí bhíthin damáiste airgeadais; (2) EUR 500 000,00, mar dhamáiste neamhábhartha; (3) agus, dá bhrí sin, ar shuim iomlán EUR 2 038 808,12 a íoc;

— mar mhalairt air sin, a ordú do BCE, ag gníomhú dó trína Uachtarán, *pro tempore*, suimeanna de mhéideanna éagsúla arna gcinneadh le linn na n-imeachtaí a íoc leis an iarratasóir, i leith na gcineálacha damáiste a liostaítear thuas, a mhéid a mheastar a bheith cóir, lena n-áirítear trí bhíthin tuarascála ó shaineolaí atá le heisiúint ag an gCúirt Ghinearálta, de bhun Airteagal 70 de Rialacha Nós Imeachta Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh;

— íocaíocht na suime a mheasann an Chúirt Ghinearálta a bheith bronnta, i gcomhréir lena measúnú cóir féin, maidir le cailliúint deiseanna;

— íocaíocht an úis mhainneachtana le ríomh ón 12 Márta 2020, dáta an teagmhais dhíobhálaigh, go dtí cúiteamh éifeachtach.

— a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí:

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil BCE faoi dhliteanas faoi Airteagal 340 (3) CFAE agus Airteagal 2043 de Chód Sibhialta na hIodáile maidir leis an damáiste ábhartha agus neamhábhartha a bhain don iarratasóir, agus méid an damáiste a bhain dó á léiriú;

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear tábhacht an damáiste ábhartha, neamhábhartha agus caillteanais deiseanna a mhaíonn an t-iarratasóir a bheith fulaingthe aige agus míníonn sé na prionsabail a cuireadh i bhfeidhm chun iad a chinneadh;

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear na prionsabail a leagtar amach i gcásdlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe i mbreithiúnas an 28 Deireadh Fómhair 2021, *Vialto Consulting* v *an Coimisiún*, C-650/19 P, an 9 Feabhra 2022, *QI agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus BCE*, T-868/16, agus an 21 Eanáir 2014, *Klein* v *an Coimisiún*, T-309/10.

   Leagtar amach iontu na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh chun go dtabhódh institiúid Eorpach dliteanas neamhchonarthach i leith saoránaigh den Aontas Eorpach agus braitheann siad ar an bhfíorú dearfach, arna dhéanamh freisin ag an gcomhairleoir teicniúil sa tuarascáil faoi mhionn a ghabhann leis an iarratas, go gcomhlíontar na coinníollacha sin trí chomparáid a dhéanamh idir an reachtaíocht Eorpach a rialaíonn BCE, na comhlachtaí agus a bhfeidhmeanna. Leagtar béim ar sháruithe BCE ar dhlí príomha agus tánaisteach an Aontais agus ar na sáruithe agus an mhí-úsáid cumhachta a rinne Uachtarán BCE. Líomhnaíonn an t-iarratasóir gur sháraigh BCE ar an 12 Márta 2020, ag gníomhú dó trína Uachtarán, Airteagail 127 CFAE, Caibidil 2, dar teideal "Beartas Airgeadaíochta", ar Airteagail 3, 10, 11, 12, 13 agus 38 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus ar Airteagal 17.2 agus Airteagal 17.3 de na Rialacha Nós Imeachta a glacadh le cinneadh ón BCE an 19 Feabhra 2004. ([1])

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear, bonn cirt an damáiste ábhartha a d'fhulaing an t-iarratasóir (damáiste iarbhír agus caillteanas brabúis) a chainníochtú, a mhíniú agus a dhoiciméadú.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear, bonn cirt an damáiste shíceolaíoch agus damáiste do chlú, d'fhéiniúlacht phearsanta agus ghairmiúil a d'fhulaing an t-iarratasóir a chainníochtú, a mhíniú agus a dhoiciméadú.

6. An séú saincheist dlí, maidir le míniú, cúiseanna agus fianaise ar an toimhde agus ríomh na dóchúlachta go gcaillfear deiseanna agus iarraidh go ndéanfaí é sin a ríomh ar phrionsabail chothromais.

7. An seachtú saincheist dlí maidir leis na bprionsabal atá leagtha amach i gcásdlí an Aontais Eorpaigh maidir le damáiste neamhábhartha a rinne na hinstitiúidí Eorpacha do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh, go háirithe i mbreithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 12 Meán Fómhair 2007 i gCás T-250/04 *Combescot* v *an Coimisiún*.

---

([1]) Cinneadh 2004/257/EC ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Feabhra 2004 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (ECB/2004/2) (IO L 80, 18.3.2004, lch. 33) arna leasú le Cinneadh BCE/2014/1 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2014 (IO 2014 L 95, lch. 56).

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Márta 2023 – Biogen Netherlands v an Coimisiún**

**(Cás T-137/23)**

(2023/C 179/85)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Biogen Netherlands BV (Badhoevedorp, an Ísiltír) (ionadaí: C. Schoonderbeek, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 12 Nollaig 2022 C(2022) 9544 (final) lena ndeonaítear údarú margaíochta faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ([1]) le haghaidh "Dimethyl Fumarate Teva – fúmaráit démheitil", táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine, a chur ar neamhní, agus

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.